Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# Buiséad 2024

## Athruithe ar Bheartas Cánach

Prepared by the Department of Finance

**gov.ie/budget | #Budget2024**

# *Buiséad 2024*

## Athruithe ar Bheartas Cánach

**Achoimre ar Bhearta Bhuiséad 2024 – Athruithe Beartais**

## Clár


| | | leathanach |
|---|---|---|
| | **Saincheisteanna nóis imeachta, teicniúla agus saincheisteanna ábhartha eile** | **iii** |
| **1** | **Achoimre ar Athruithe ar Bheartas Cánach Bhuiséad 2024** | **1** |
| 1.1 | Réamhrá | 1 |
| 1.2 | Príomhchuspóirí beartais cánach i mBuiséad 2024 | 1 |


**Táblaí**


| | | |
|---|---|---|
| Tábla 1 | Bearta cánach a thabharfar isteach in 2024, € milliún | 1 |

***Saincheisteanna nóis imeachta, teicniúla agus saincheisteanna ábhartha eile***

## 1. beartas ceartúchán

Is í foireann na Roinne Airgeadais a chuir na sonraí agus an anailís a leagtar amach sa doiciméad seo i dtoll a chéile; rinneadh gach iarracht cruinneas agus iomláine a chinntiú.

Más rud é go dtiocfar ar earráidí, cuirfear ceartúcháin agus leasuithe a dhéanfar i ndiaidh seo san áireamh sa leagan digiteach a bheidh ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne. Tabharfar eolas faoi mhórathrú ar bith arna dhéanamh sa leagan ar líne.

## 2. táblaí

Tá roinnt táblaí sa doiciméad seo. Léirítear leo seo éifeacht na mbeart Buiséid ar raon beag catagóirí éagsúla saothraithe ioncaim agus cineálacha líonta tí.

## 3. slánú

D’fhéadfadh slánú tionchar a imirt ar iomláin i ngach tábla sa doiciméad seo.

## 4. cur faoi bhráid parlaiminte

Cuireadh an doiciméad seo faoi bhráid an Oireachtais (cuireadh i láthair go hoifigiúil é) ar an 10 Deireadh Fómhair 2023.

## 5. faisnéis bhreise

Tá faisnéis bhreise agus doiciméid ghaolmhara ar fáil ar láithreán gréasáin *Bhuiséad 2024* (www.gov.ie)

# Caibidil 1
# Achoimre ar Athruithe ar Bheartas Cánach *Bhuiséad 2024*

## 1.1 Réamhrá

Tugtar breac-chuntas sa chaibidil seo ar na hathruithe ar an mbeartas cánach atá leagtha amach i *mBuiséad 2024*. Taispeántar i d**Tábla 1** thíos costas (curtha i láthair mar fhigiúr diúltach) nó toradh (curtha i láthair mar fhigiúr dearfach) na mbeart cánach; i roinnt cásanna, tugtar na costais a bhaineann leis an gcéad bhliain agus le bliain iomlán. [1] Oifigigh na Roinne Airgeadais ag obair i gcomhar le comhghleacaithe sna Coimisinéirí Ioncaim a dhéanann na costais a mheas.

## 1.2 Na príomhchuspóirí beartais cánach i *mBuiséad 2024*

Agus beartas cánach á leagan síos, tá roinnt príomhchuspóirí aitheanta ag an Rialtas:

- Tacú le hoibrithe;
- Fiontraíocht a chur chun cinn;
- Tacú le gealltanais an Rialtais maidir le tithíocht;
- Cuidiú le líonta tí agus le gnólachtaí leis an gcostas maireachtála.

Agus na cuspóirí sin á gcur san áireamh, tá an Rialtas ag déanamh soláthair do na bearta cánach atá leagtha amach i **dtábla 1**. Tugtar achoimre sa tábla seo ar na príomhthionscnaimh beartais; tugtar tuilleadh sonraí i gcaibidil 2.

**Tábla 1: Bearta cánach a thabharfar isteach in 2024, € milliún**

| *Cánachas pearsanta: ag tacú le hoibrithe* | Costas/Toradh na Chéad Bhliana | Costas/Toradh Bliana iomláine |
|---|---|---|
| **Cáin ioncaim** | -975 | -1,135 |
| : ardú €2,000 ar an scoithphointe ráta chaighdeánaigh i leith cáin ioncaim | | |
| : ardú €100 ar an gCreidmheas Cánach Pearsanta | | |
| : ardú €100 ar an gCreidmheas Cánach Fostaí | | |
| : ardú €100 ar an gCreidmheas Ioncaim Tuillte | | |
| : ardú €100 ar an gCreidmheas Cánach Cúramóra Baile | | |
| : ardú €100 ar an gCreidmheas Cánach Cúramóra Linbh do Dhuine Aonair | | |
| : ardú €200 ar an gCreidmheas Cánach Linbh Éagumasaithe | | |
| | | |
| **An Muirear Sóisialta Uilíoch (MSU)** | -315 | -365 |
| : ardú 2% ar uasteorainn bhanda rátaí de €2,840 | | |
| : an ráta MSU 4.5% a laghdú go dtí 4% | | |
| : síneadh a chur leis an ráta níos ísle maidir le lamháltas MSU do shealbhóirí cártaí liachta go dtí 31/12/2025 | -35 | -35 |

[1] Mura gcuirtear beart beartais cánach i bhfeidhm ó thús na bliana, beidh difríocht idir a chostas/toradh sa chéad bhliain agus idir a chostas/toradh i mbliain iomlán. Is meastacháin iad na figiúirí go léir bunaithe ar na sonraí is deireanaí atá ar fáil.

| | | |
|---|---|---|
| **Creidmheas cánach do phearsanra cabhlaigh ar muir** | - 0.5 | - |
| : síneadh a chur leis an gcreidmheas cánach do phearsanra cabhlaigh ar muir go dtí 31/12/2024 | | |

| ***Tacaíocht d'Fhiontraíocht, d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide, don earnáil talmhaíochta agus don aeráid*** | **Costas/Toradh na Chéad Bhliana** | **Costas/Toradh Bliana iomláine** |
|---|---|---|
| **Faoiseamh Cánach ar Ghnóthachan Caipitiúil d'Infheisteoirí Aingil** | | |
| : faoiseamh nua a chur ar fáil d'infheistíochtaí incháilithe i ngnólachtaí nuathionscanta nuálacha[2] | - | -55 |
| | | |
| **Faoiseamh Scoir Cánach ar Ghnóthachan Caipitiúil[3]** | | |
| : an aoisteorainn a ardú ó 66 go 70 agus teorainn €10 milliún a thabhairt isteach ar an bhfaoiseamh atá le fáil do dhiúscairtí | - | -21 |
| | | |
| **Faoiseamh d'Infheistíocht i dTrádáil Chorparáideach** | | |
| : an íos-tréimhse shealbhaíochta TIF a chaighdeánú, an teorainn infheistíochta TIF a mhéadú agus soláthar a dhéanamh do leasuithe Rialachán Blocdhíolúine Ginearálta an AE | - | - |
| | | |
| **Creidmheas Cánach do Thaighde agus Forbairt[4]** | | |
| : an ráta a ardú ó 25% go 30% agus an tairseach íocaíochta do bhliain a haon a ardú ó €25,000 go €50,000 | - | -27 |
| | | |
| **Liúntais Chaipitil Luathaithe – Trealamh atá Tíosach ar Fhuinneamh (LCL TTF)[5]** | | |
| : síneadh a chur leis an scéim go dtí 31/12/2025 | -7 | - |
| | | |
| **Faoiseamh Scannán faoi Alt 481** | | |
| : an teorainn ar chaiteachas incháilithe a ardú ó €70 milliún go €125 milliún. | -10 | -53 |
| | | |
| **Micrighiniúint Leictreachais** | | |
| : an díolúine a ardú ó €200 go €400 | -4.5 | -4.5 |
| | | |
| **Na Tairseacha Clárúcháin CBL** | | |
| : na tairseacha clárúcháin d'earraí agus seirbhísí a ardú | -5 | -6 |
| | | |
| **Faoiseamh i leith Gaol Fola (Dleacht Stampála)** | | |
| : síneadh a chur leis an bhfaoiseamh go dtí 31/12/2028 | -27 | -27 |

[2] Ní bhainfidh aon chostas leis an bhfaoiseamh seo go dtí 2027 mar go gcaithfear infheistíocht a choinneáil ar feadh 3 bliana ar a laghad.
[3] Ní bhainfidh aon chostas leis na hathruithe seo go dtí 2025.
[4] Tá an costas a thaispeántar glan ó thoradh ó chánachas Cholún a Dó maidir leis an gcreidmheas cánach do Thaighde agus Forbairt. Ní bheidh aon chostas i gceist leis in 2024 mar gur in 2025 a dhéanfar éilimh i leith chaiteachas 2024 a chomhdú.
[5] Déantar soláthar faoin scéim chun liúntais atá ann a luathú, agus tá an glanchostas neodrach dá bhrí sin thar shaol na sócmhainne.

| | | |
|---|---|---|
| | | |
| **Liúntais Chaipitil Luathaithe – Trealamh Sábháilteachta Feirme** | | |
| : síneadh a chur leis an liúntais luathaithe do chaitheamh agus cuimilt go dtí 31/12/2026 | -1 | -1 |

| | | |
|---|---|---|
| **Feirmeoirí Oilte Óga agus Comhpháirtíochtaí Feirme Comharbais** | | |
| : an teorainn a ardú ó €70,000 go €100,000 | -0.5 | -0.5 |
| | | |
| **Comhpháirtíochtaí Feirme Cláraithe** | | |
| : an uasmhéid faoisimh stoic is féidir a éileamh a ardú ó €15,000 go €20,000 | -0.1 | -0.1 |

| ***Tacaíocht do Thithíocht*** | **Costas/Toradh na Chéad Bhliana** | **Costas/Toradh Bliana iomláine** |
|---|---|---|
| **Cabhair le Ceannach** | | |
| : Leasú a dhéanamh chun aonaid a ceannaíodh faoi scéim ceannaigh inacmhainne na n-údarás áitiúil a áireamh agus síneadh a chur leis an scéim Cabhair le Ceannach go dtí 31/12/2025 | -6 | -181 |
| | | |
| **Faoiseamh ar Thithe Cónaithe ar Cíos** | | |
| : faoiseamh €3,000 ar ioncam cíosa a thabhairt isteach do thiarnaí talún do 2024[6] | -45 | -160 |
| | | |
| **An Creidmheas Canach Cíosa** | | |
| : an creidmheas cánach do thionóntaí príobháideacha[7] a ardú go €750 agus an incháilitheacht a leathnú chun mic léinn "ar lóistín" a áireamh | -88 | -88 |
| | | |
| **Cáin ar Thithe Folmha** | | |
| : a ardú go dtí cúig huaire mhuirear CMÁ an áitribh | - | 1 |

| ***Cánachas indíreach*** | **Costas/Toradh na Chéad Bhliana** | **Costas/Toradh Bliana iomláine** |
|---|---|---|
| **CBL** | | |
| : ráta CBL nialas a chur i bhfeidhm ar chlosleabhair agus ar ríomhleabhair | -2.5 | -3 |
| : ráta CBL nialas a chur i bhfeidhm ar ghrianphainéil do scoileanna | -0.5 | -0.5 |
| : An Ciste do Scéim Cúitimh Carthanachtaí CBL a mhéadú | -5 | -5 |
| : an cúiteamh ar ráta comhréidh a laghdú go dtí 4.8% d'fheirmeoirí | 15 | 18 |

[6] Cuirfear faoiseamh i bhfeidhm ag an ráta caighdeánach 20%. €3,000 a bheidh i gceist leis an bhfaoiseamh do 2024, €4,000 do 2025 agus €5,000 do 2026 agus 2027, atá comhionann le creidmheas cánach suas le €600, €800 agus €1,000 faoi seach é do thiarnaí talún. Tiocfaidh deireadh leis an scéim in 2027. Beidh coinníollacha breise i bhfeidhm.
[7] Do dhaoine nach bhfuil ag fáil tacaíochtaí tithíochta eile Stáit.

| | | |
|---|---|---|
| **Dleacht Mháil** | | |
| : ardú 75c ar phaicéad 20 toitín<br>: ardú pro-rata ar tháirgí eile tobac. | 7.5[8] | 68 |

| ***Cáin Charbóin*** | **Costas/Toradh na Chéad Bhliana** | **Costas/Toradh Bliana iomláine** |
|---|---|---|
| **Cáin Charbóin**[9,10] | 117 | 152 |
| : An ráta a ardú ó €48.50 go €56.00 an tona $CO_2$ | | |
| : ráta nua le cur i bhfeidhm ar bhreoslaí gluaisteáin ón 11/10/2023 agus ar gach breosla eile ón 01/05/2024 | | |

| ***Bearta cánach eile*** | **Costas/Toradh na Chéad Bhliana** | **Costas/Toradh Bliana iomláine** |
|---|---|---|
| : síneadh a chur leis an bhfaoiseamh ar Cháin Cláraithe Feithiclí (CCF) d'fheithiclí ceallra-leictreacha go dtí 31/12/2025 | -27 | -30 |
| : ardú a chur ar an tairseach maidir le Míreanna Oidhreachta a dheonú | -1 | -1.5 |
| : an Tobhach ar Tháirgí Lochtacha Coincréite a leasú chun táirgí réamhtheilgthe a eisiamh | -7 | -7 |
| : Tobhach Bainc athbhreithnithe a thabhairt isteach do 2024 | 200 | |
| : comhlíonadh | 120 | 120 |

| ***Bearta le dul i ngleic leis an gcostas maireachtála*** | **2023** | **2024** |
|---|---|---|
| : síneadh a chur leis ráta laghdaithe MOT go dtí 31/03/2024; leath a thabhairt ar ais ar an 01/04/2024 agus an leath eile a thabhairt ar ais ar an 01/08/2024 | -49 | -122 |
| : síneadh a chur leis an ráta CBL 9% do ghás agus leictreachas go dtí 31/10/2024 | - | -315 |
| : faoiseamh cánach ar ús morgáiste a thabhairt isteach le haghaidh bliain amháin | - | -125 |
| : síneadh a chur leis an bhfaoiseamh €10,000 ar Shochar Comhchineáil (SC) a cuireadh i bhfeidhm ar an Laghdú Bunaidh ar Luach Margaidh do chatagóirí áirithe feithiclí go dtí 31/12/2024 | - | - |
| : síneadh a chur leis an meicníocht bharrchaolaithe €35,000 atá i bhfeidhm ar fhaoiseamh SC d'Fheithiclí Leictreacha go dtí 31/12/2025, €20,000 in 2026 agus €10,000 in 2027 | - | - |

[8] Is é 2023 an costas céad bhliana do thoitíní, mar go gcuirfear an beart i bhfeidhm ón lá tar éis an bhuiséid
[9] Ioncam gan CBL san áireamh.
[10] Déantar ioncam ó arduithe ar cháin carbóin a ghealladh go hiomlán do ghealltanais áirithe caiteachais. Féach ar Thuarascáil Caiteachais 2023 le haghaidh tuilleadh sonraí.

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

**Tithe an Rialtais, Sráid Mhuirfean Uacht,**
**Baile Átha Cliath 2, D02 R583, Éire**
Government Buildings, Upper Merrion Street,
Dublin 2, D02 R583, Ireland

T: +353 1 676 7571 | @IRLDeptFinance
**www.gov.ie/finance**